Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 17 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** 


## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo


**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos móilín meatáin. Tá na ceithre adamh lasmuigh, a thaispeántar i ndath dearg, suite ar reanna teitrihéadráin.

Taispeánann an líníocht ar dheis teilgin teitrihéadráin rialta ***(gan na sféir)***.

**(a)** Tarraing bonnchló cúnta ar an líne $X_1Y_1$ a thugtar, chun an uillinn dhéhéidreach idir na plánaí ***abc*** agus ***abd*** a thaispeáint.

**(b)** Tarraing teilgin an sféir is mó is féidir a chur isteach sa teitrihéadrán.







**A-3.** Taispeánann an ghrafaic thíos roinnt géag claonta a iompraíonn soilse i ndealbh nua-aimseartha.

Léiríonn na línte sceabhacha **AB** agus **CD** ar dheis dhá ghéag dá leithéid.


Déan amach teilgin an fhaid chothrománaigh is giorra idir an dá líne.






**A-2.** Nuair a úsáidtear an gaireas bith-leighis a thaispeántar sa ghrafaic thíos, gineann sé tonnta fuaime ag fócas amháin d'éilips. Frithchaitear na tonnta ansin go dtí an fócas eile chun clocha duáin an othair a bhriseadh.






Taispeánann an líníocht ar dheis treoirlíne (**$DD_1$**), fócas (**F**), rinn (**V**) agus líne éalárnachta (**E**) éilips.

**(a)** Aimsigh an dara rinn agus an dara fócas agus tarraing an leath thuas den chuar.

**(b)** Tarraing tadhlaí leis an gcuar ag pointe atá 70mm ó **F**.


**A-4.** Taispeánann an ghrafaic thíos fíor agus liathróid as cluiche sacair boird.

Taispeánann an líníocht ar dheis, a léiríonn na nithe sin, ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe ina bhfuil sféar **A** agus leathsféar **B**, atá i dteagmháil le chéile.

**(a)** Críochnaigh bonnchló an dá sholad i dteagmháil le chéile.

**(b)** Tarraing bonnchló sféir eile dar trastomhas 20mm, a luíonn ar an bplána cothrománach i suíomh **C**, sa chaoi go bhfuil sé i dteagmháil leis an sféar **A** agus leis an leathsféar **B**.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe - Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

